Baile na hAbhann, Co na Gaillimhe.

Fón 091-572039

Ríomh phost: scoilcholmcille@gmail.com

# Polasaí Iontrála don Rang Uathachais

## An Scoil

An príomh aidhm atá againn anseo sa rang speisialta ná oideachas den scoth a thabhairt do na páistí ar fad atá faoi n-ár gcúram. Tá muid ag iarraidh go n-éireoidh le chuile pháiste chomh maith agus atá faoi a gcumas. Tuigeann muid an tábhacht a bhaineann le ról na dtuismitheoirí le oideachas a bpáistí agus oibríonn muid le chéile ar son an pháiste. Úsáideann muid go leor modhanna múinte difrúla ag brath ar riachtannais an pháiste le uathachais cé go n-úsáideann muid éiteas atá bunaithe ar mhodhanna muinte TEAACH. Is tré mhéan na gaeilge a fhoghlaimíonn paistí a bhfuil riachtanais speisialta acu ag an Rang Uathachais i Scoil Cholmcille. Tá có-oibriú agus cumarsáid idir an scoil agus an baile mar chuid lárnach den phróiséís oideachasúil sa scoil seo.

## Aidhm

Is í an aidhm atá ag an bpolasí iontrála don rang speisialta uathachais i Scoil Cholmcille ná deimhniú go mbeidh atmaisféar deas ceanúil sona sábháilte ag chuile pháiste atá I Rang na nGleoiteoga. Is rang atreoraithe í  an rang uathachais i Scoil Cholmcille. Mar gheall ar seo cuirtear go leor béime ar chumarsáid, scileanna soisialta, scileanna maireachtála chomh maith le bheith ag obair ar an gcuraclam iomlán de réir abáltacht an pháiste.

## An Fhoireann Iontrála

Beidh an Príomhoide, múinteoir an Rang Speisialta, an fhoireann luath-idirghabhála, an SENO ar an bhfoireann seo. Tiocfaidh siad le chéile ag amanna difrúla i rith na bliana de réir mar a thagann iarratais isteach. Mura bhfuil an SENO agus (nó) an fhoireann luath-idirghabhála ar fáil is iad an príomhoide agus an múinteoir rang speisialta uathachais a bhuailfidh le chéile chun breathnú ar na h-iarratais.

## Ráiteas Mísín

Bunaíodh an Rang speisialta Uathachais i Scoil Cholmcille i mí Lúnasa 2013 faoi chúram an Roinn Oideachais agus Scileanna. Ofráileann an rang Speisialta i Scoil Cholmcille,seirbhís oideachas speisialta do pháistí a bhfuil diognóis iomlán uathachais faighte acu.

Is bunscoil Gaeltachta í Scoil Cholmcille ina bhfuil soláthar oideachais ar ard-chaighdean trí mhéan na Gaeilge comhtháite le hoidhreacht cultúrtha na hÉireann agus éiteas láidir Caitliceach. Is í fealsúnacht na scoile ná na t-oideachas sin a sholáthar in atmasféar ceannasach fite fuaite le comh-mheas. Mol an óige agus tiocfaidh sí!

**Tuairiscí Profisiúnta;**

Teastaíonn tuairisc siceolaithe nó tuairisc ón bhfoireann ildisciplíneach le gach iarratas ar áit sa rang. 'Séard atá i gceist le foireann ildisciplíneach ná Siceolaí,teiripeach ceirde (OT), Teiripeach urlabhra oibrí soisialta agus fisiteiripeoir&rl. Glacfar le tuairiscí príobháideach agus proiféisiunta.
Caithfear moladh a bheith sa tuairisc ó dhuine profisiúnta go bhfuil sé riachtanach go mbeadh áit i rang speisialta uathachais ag an bpáiste.

**Scoil feiliúnach is gaire;**

Nuair atá moladh agus diagnóis tugtha don pháiste breathnóidh an fhoireann iontrála ar an iarratas ó thaobh an scoil is feiliúnaí agus is cóngaraí do riachtanais an pháiste sin.
Má théann an páiste isteach chuig an rang speisialta i Scoil Cholmcille deanfaidh an príomhoide iarratas ar son an pháiste i gcomhair córas iompar scoile a shocrú leis an SENO. Ba cheart é seo a bheith ceadaithe ag na tuismitheoirí agus é ag teastáil uathu.

**Aois:**

Mar choinneáil chun áit a bhaint amach sa rang speisialta ní mór don iarratasóra a bheith in aois scoile mar atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scíleanna.

**Tá sé éigeantacht go b'é an bhliain a shroicheann an páiste 13 an bhliain deireannach ag an bpáiste i Scoil Cholmcille.**

Tá sé de dhualgas ar na tuismitheoirí/caomhnóirí áit a fháil don pháiste i rang speisialta i scoil dara léibheál. Níl an dualgas ar Scoil Cholmcille é seo a dheánamh. Tá an scoil sásta aon tuairiscí nó eolas cuí a bhaineann leis an scolaire a sheoladh chuig an scoil dara léibheál a chabhróidh chun aistriú a dhéanamh chomh éasca agus is féidir.

**Teaghlaigh sa scoil:**

Tabharfar tús áite do pháistí a bhfuil deartháir nó deirfiúir acu sa scoil.
Tabharfar tús áite do pháiste atá ag freastal ar an scoil cheanna féin.

**Iarratas:**

Caithfidh an t-iarratas don scoil bhliain a mbeidh an páiste ag dul isteach ann a bheith déanta ar nó roimh an 28ú Feabhra don bhliain sin. Is liosta feitheamh bliana a bheas i gceist agus caithfear iarratas nua a dheanamh chuile bhliain.

Tá leanaí agus daoine óga incháilithe chun rollú i rang speisialta le haghaidh uathachas nuair a chuirtear an méid seo a leanas ar fáil mar thaca le hiarratas dá leithéid:

Tuarascáil ghairmiúil (tuarascálacha gairmiúla) ina leagtar amach:
- Diagnóis ar riachtanais speisialta oideachais (. Uathachas: DSM IV/V nó ICD 10/11 (síceolaí, síciatraí, tuarascáil ildisciplíneach).

AGUS

- Léiriú ar an tuiscint ar chastacht leibhéal foriomlán riachtanas/riachtanais an linbh arna léiriú sna tuarascálacha gairmiúla.

AGUS

• I bhfianaise dhéine nó chastacht riachtanais tacaíochta an linbh, is é an rud is oiriúnaí chun freastal ar riachtanais an linbh ar an mbealach is fearr moladh gairmiúil soiléir maidir leis an gcineál socrúcháin oideachais mar aon leis an réasúnaíocht leis sin.

AGUS

• Litir ón CNOS ina ndeimhnítear go bhfuil aithne acu ar an leanbh agus go bhfuil an diagnóis agus an moladh riachtanach ag an leanbh le haghaidh rang speisialta do uathachas.

**Ról an Bhoird Bainistíochta i Scoil Cholmcille:**

Is féidir leis na bpríomhoide, tar éis cruinniú de chuid an fhoireann iontarála, an t-iarratas seo a thabhairt ar ais chuig an mBord Bainistíochta le plé agus chun cinneadh a dhéanamh. Tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta rialú in aghaidh aon chinneadh a rinne na fhoireann iontrála.
Má tharlaíonn sé go mbeadh easaontas nó gearán maidir le haon iarratas is féidir leo achomhairc a dhéanamh leis na mBord Bainistíochta.

**Liosta Feitheamh:**

Má tá na folúntais ar fad sa rang speisialta líonta(seisear páiste/1 múinteoir an uasmhéid), cuirfear na páistí eile ar liosta feithimh.
Is féidir páistí atá ag feithimh le diagnóise nó atá diagnóise de uathachais faighte acu atá sa cheantar dul ar an liosta feithimh fiú má tá siad faoin aois don bhunscoil mar atá leagtha síos ag an Roinn.
Má tharlaíonn go mbíonn farasbarr páistí do na h-áiteacha sa scoil cuirfear na coinníollacha seo leanas san áireamh.

- Tabharfar tús áite má tá deartháir/deirfiúr níos sine sa scoil.
- Tabharfar tús áite má tá an páiste ag freastal ar an scoil.
- De réir aoise, glacfar leis na gasúir is sine ar dtús.
- Iarratas a bheith istigh don pháiste ar nó roimh an 28ú Feabhra don scoilbhlian dár gcionn.

Ról an tuismitheora/Caomhnóra

- Caithfidh an tuismitheoir/caomhnóir an fhoirm cláraithe a líonadh agus a sheoladh ar ais chuig na scoile.
- Ní mór don tuismitheoir/caomhnóir cruinniú a bheith acu leis an bpríomhoide agus an múinteoir ranga roimh tosnú ag an scoil.
- Ní mór aon tuairisc nó measúnú a bheith tugtha don scoil sula dtosaíonn an páiste ar scoil.

Déanfaidh príomhoide, bord bainistíochta na scoile, Feidhmeannacht an tseirbhís sláinte agus an Roinn Oideachais aithbhrithniú ar an bpolasaí seo go rialta.